
# 1 Toradh airgeadais an Státchiste, 2017

**1.1** Íoctar gach ioncam de chuid an Stáit isteach i bPríomhchiste an Státchiste mura socraítear a mhalairt de réir dlí.[1] Áirítear le fáltais an Phríomhchiste ioncam ó cháin agus fáltais ó iasachtaí a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Stáit. Úsáidtear eisiúintí ón bPríomhchiste go príomha chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú, agus chun fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta agus é a íoc ar ais.

**1.2** Sna Cuntais Airgeadais bhliantúla, cuirtear i láthair na fáltais isteach sa Phríomhchiste agus na heisiúintí amach as, mar aon le sonraí a bhaineann le hiasachtaí GBCN agus faisnéis ar dhliteanais agus ar shócmhainní áirithe an Stáit. Sa tuarascáil seo, déantar achoimre ar na hidirbhearta ar an bPríomhchiste agus leagtar béim inti ar roinnt príomhthreochtaí. Ós rud é nach gcuimsítear clár comhardaithe sna Cuntais Airgeadais, leagtar amach freisin an staid achomair i ndáil le príomhshócmhainní agus príomhdhliteanais, an fiachas náisiúnta san áireamh.

**1.3** Gan iasachtaí a áireamh, leagtar amach i bhFíor 1.1 an ghluaiseacht i bhfáltais agus in eisiúintí an Phríomhchiste sa tréimhse idir 2003 agus 2017. Den chéad uair le breis is 10 mbliana anuas, sháraigh na fáltais na heisiúintí in 2017.

**Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí an Phríomhchiste, 2003 go 2017**




Foinse: Cuntais Airgeadais, Ráitis Airgeadais Fháltais agus Eisiúintí an Phríomhchiste agus Dliteanas faoi Ráthaíocht, 2003 go 2017

Nóta: Níl san áireamh sna fáltais ná sna heisiúintí atá léirithe iasachtaí ná aisíoc an fhiachais náisiúnta.

1 Áirítear le hioncam Stáit nach n-íoctar go díreach isteach sa Phríomhchiste, i measc nithe eile, fáltais ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa, a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.


## Iarmhéid an Státchiste

**1.4** Is éard is Iarmhéid an Státchiste ann ná staid barrachais nó easnaimh an Phríomhchiste, .i. an barrachas nó an t-easnamh tar éis eisiúintí ón bPríomhchiste a dhealú óna fháltais. In 2017 bhí barrachas an Státchiste cothrom le €1.9 billiún. Easnamh €1 bhilliún a bhí ann in 2016.

**1.5** Beart níos leithne ná iarmhéid an Státchiste is ea an t-iarmhéid ginearálta rialtais. Tomhas caighdeánach feidhmíochta fioscaí ar an earnáil rialtais go ginearálta is ea é, a chuimsíonn an rialtas láir, údaráis áitiúla, comhlachtaí Státurraithe neamhthráchtála, agus cistí amhail an Ciste Árachais Shóisialaigh, a mbainistíonn comhlachtaí Rialtais iad. Níl idirbhearta comhlachtaí Státurraithe tráchtála san áireamh ann. Is é an tomhas caighdeánach a úsáidtear chun críocha comparáideacha ar fud an Aontais Eorpaigh.[1]

**1.6** Léirítear i bhFíor 1.2 iarmhéid an Státchiste le himeacht na tréimhse ó 2003 go 2017, agus an t-iarmhéid ginearálta rialtais ó 2011 go 2017. Easnamh €1 bhilliún a bhí san iarmhéid ginearálta rialtais in 2017, i gcomparáid le barrachas €1.9 billiún sa Státchiste. Éiríonn an difríocht idir na bearta go príomha mar thoradh ar an gcaoi ar dhéileáil le hidirbhearta a bhain le bearta cobhsaithe don earnáil airgeadais.

**Fíor 1.2 Iarmhéid an Státchiste, 2003 go 2017 agus an t-iarmhéid ginearálta rialtais, 2011 go 2017**




Foinse: Cuntais Airgeadais, Ráitis Airgeadais Fháltais agus Eisiúintí an Phríomhchiste agus Dliteanas faoi Ráthaíocht, 2003 go 2017 agus Ioncam agus Caiteachas an Rialtais ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

1 Úsáidtear an t-iarmhéid ginearálta rialtais chun críche monatóireacht fhioscach faoi Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis an Aontais Eorpaigh. Is éard atá sa Chomhaontú ná sraith rialacha ar dá réir a gcaithfidh ballstáit an Aontais Eorpaigh a gcúrsaí airgeadais phoiblí a bhainistiú.

## Fáltais agus eisiúintí an Phríomhchiste

**1.7** Leagtar amach i bhFíor 1.3 anailís ar fháltais agus eisiúintí an Phríomhchiste do na blianta 2013 go 2017.

**Fíor 1.3 Comhdhéanamh na bhfáltas agus na n-eisiúintí Príomhchiste, 2013 go 2017[a]**

| **Fáltais** | **2013** | **2014** | **2015** | **2016** | **2017** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| ***Fáltais reatha*** | | | | | |
| Ioncam cánach | 37,806 | 41,282 | 45,601 | 47,864 | 50,737 |
| Aistriú ón gCiste Rialtais Áitiúil | — | 520 | 481 | 318 | 230 |
| Ioncam barrachais an Bhainc Cheannais | 1,152 | 1,225 | 1,719 | 1,800 | 1,836 |
| Díbhinní ó chomhlachtaí Stáit | 264 | 475 | 551 | 269 | 324 |
| Ioncam reatha eile | 1,260 | 746 | 765 | 717 | 475 |
| ***Fáltais chaipitil*** | | | | | |
| Iasachtaí/airleacain a aisíocadh[b] | 1,098 | 4,987 | 5,348 | 2,143 | 1,021 |
| Fáltais ó bhearta cobhsaithe don earnáil airgeadais | 2,311 | — | 3,682 | 1,871 | 3,723 |
| Fáltais chaipitil eisceachtúla[c] | 60 | 405 | 335 | — | — |
| Fáltais chaipitil eile | 113 | 131 | 106 | 75 | 30 |
| **Iomlán na bhfáltas** | **44,064** | **49,771** | **58,588** | **55,057** | **58,376** |
| | | | | | |
| **Saincheisteanna** | | | | | |
| Eisiúintí do chaiteachas a vótáladh | 43,072 | 42,224 | 42,863 | 43,986 | 46,291 |
| Fónamh ar an bhfiachas náisiúnta | 7,459 | 7,579 | 7,107 | 6,845 | 6,227 |
| Ranníocaíocht le buiséad an AE | 1,726 | 1,685 | 1,952 | 2,023 | 2,016 |
| Coimisiún an Oireachtais | 101 | 101 | 106 | 114 | 110 |
| Iasachtaí/airleacain[b] | 1,444 | 4,875 | 5,111 | 2,320 | 963 |
| Bearta cobhsaithe don earnáil airgeadais | 1,060 | 100 | 30 | 4 | — |
| Uisce Éireann (scaireanna, ranníocaíochtaí caipitil agus | — | 461 | 96 | 184 | 270 |
| Aistriú chuig an gCiste Rialtais Áitiúil[d] | — | 484 | 461 | 463 | 480 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach | 510 | 255 | — | — | — |
| Ranníocaíocht le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | — | — | 335 | — | — |
| Íocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun iasachtaí ón HFA a aisíoc | — | — | 427 | — | — |
| Íocaíochtaí eile | 195 | 196 | 164 | 136 | 113 |
| **Iomlán na n-eisiúintí** | **55,567** | **57,960** | **58,652** | **56,075** | **56,470** |
| | | | | | |
| **Barrachas/ (easnamh) don bhliain** | **(11,503)** | **(8,189)** | **(64)** | **(1,018)** | **1,906** |

Foinse: Cuntais Airgeadais, Ráitis Airgeadais Fháltais agus Eisiúintí an Phríomhchiste agus Dliteanas faoi Ráthaíocht, 2013 go 2017

Nótaí:
a Déantar comhdhlúthú ar idirbhearta de chuntas an Phríomhchiste agus den Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a dhéanann cothabháil ar an gcuntas deiridh sin chun fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta agus ar idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta.

b Féach Iarscríbhinn 1A chun tuilleadh sonraí a fháil.

c Baineann fáltais neamh-athfhillteacha le: fáltais ó dhíol na gceadúnas móibíleach (2013); fáltais ó dhíol an cheadúnais don Chrannchur Náisiúnta (2014); agus fáltais ó scairchaipiteal Aer Lingus a dhiúscairt (2015).

d Baineann sé seo le feidhmiú na bhfáltas ón gCáin Mhaoine Áitiúil, atá san áireamh san ioncam cánach.

### *Fáltais an Phríomhchiste*

**1.8** Ba é €58.4 billiún luach iomlán na bhfáltas a íocadh isteach sa Phríomhchiste in 2017. Ba mhéadú €3.3 billiún (6%) é sin i gcomparáid le fáltais 2016. Bhí méadú a tháinig ar ioncam cánach taobh thiar de €2.9 billiún den tsuim sin. Tháinig méadú ar na fáltais do gach cineál cánach.

**1.9** Tháinig méadú ar fháltais chaipitil go príomha de bharr gur díoladh 29% de scairsheilbh an Stáit i mBainc-Aontas Éireann ar €3.4 billiún in 2017. Tá an tsuim sin san áireamh i bhfáltais ó bhearta cobhsaithe don earnáil airgeadais.

### *Eisiúintí ón bPríomhchiste*

**1.10** Ba é €56.5 billiún iomlán na n-eisiúintí ón bPríomhchiste in 2017, méadú níos lú ná 1%, i gcomparáid le 2016. Seo a leanas na gnéithe suntasacha

- tháinig méadú 5%, go €46.2 billiún, ar eisiúintí i gcomhair seirbhísí vótáilte
- ba é €6.2 billiún méid na n-íocaíochtaí a bhain le fónamh ar iasachtaí a rinne an GBCN, 9% ní b'ísle ná 2016
- an laghdú bliain ar bhliain €1.4 billiún a tháinig ar iasachtaí agus réamhíocaíochtaí a eisíodh, tharla sé go príomha de bharr nach raibh aon airleacain sreabhaidh airgid ag teastáil ón gCiste Árachais Shóisialaigh in 2017.

### *Maoiniú Rialtais d'Uisce Éireann*

**1.11** In 2017 cuireadh €1.2 billiún san iomlán ar fáil d'Uisce Éireann (féach Fíor 1.4).

**Fíor 1.4 Maoiniú Rialtais d'Uisce Éireann, 2013 go 2017**

| | 2013 €m | 2014 €m | 2015 €m | 2016 €m | 2017 €m | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Maoiniú athfhillteach** | | | | | | |
| Fóirdheontais ón gCiste Rialtais Áitiúil | — | 439 | 399 | 652 | 639 | |
| An Vóta do Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 1 | — | — | — | 292 | |
| **Iomlán an mhaoinithe athfhilltigh** | **1** | **439** | **399** | **652** | **931** | |
| | **2013 €m** | **2014 €m** | **2015 €m** | **2016 €m** | **2017 €m** | **Iomlán €m** |
| **Ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí caipitil an Phríomhchiste | — | 407 | — | 280[a] | — | **687** |
| Scairchaipiteal a fuarthas | — | — | 54[b] | — | 270 | **324** |
| Iasacht in-chomhshóite ón bPríomhchiste[b] | — | 54 | (54) | — | — | **—** |
| Iasacht caipitil oibre an Phríomhchiste | — | — | 96 | (96) | — | **—** |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann[c] | 250 | 50 | — | — | — | **300** |
| **Iomlán na ranníocaíochtaí caipitil agus na n-iasachtaí** | **250** | **511** | **96** | **184** | **270** | **1,311** |

Foinse: Cuntais Airgeadais, Ráitis Airgeadais Fháltais agus Eisiúintí an Phríomhchiste agus Dliteanas faoi Ráthaíocht, 2013 go 2017. Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil, 2013 go 2017; An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Nótaí:
a Cuimsíonn €184 milliún a eisíodh ón bPríomhchiste in 2016 agus comhshó iasachta caipitil oibre de luach €96 milliún.

b Rinneadh ionstraim fiachais in-chomhshóite a d'eisigh Uisce Éireann in 2014 agus a bhí i seilbh an Aire Airgeadais a chomhshó ina hinfheistíocht chothromais in Uisce Éireann i Meán Fómhair 2015.

c Rinneadh an áis chomhiomlán €300 milliún a cuireadh ar fáil in 2013 agus 2014 a athmhaoiniú agus cuireadh áis nua €300 milliún ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ina hionad i mí Mheán Fómhair 2015 (agus síneadh i mí Mheán Fómhair 2016 í). Chuir CISÉ áis €150 milliún sa bhreis ar fáil d'Uisce Éireann chomh maith ach níl aon airgead tarraingthe as an áis sin go dtí seo.

## Sócmhainní an Státchiste

### *Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais*

1.12 Mhéadaigh méid an airgid thirim agus na sócmhainní airgeadais eile a bhí i seilbh an Státchiste ó €11.1 billiún ag deireadh 2016 go €13.2 billiún ag deireadh 2017 (féach Fíor 1.5). Is iad an barrachas €1.9 billiún agus na glaniasachtaí airgid thirim €0.2 billiún a bhí taobh thiar den mhéadú €2.1 billiún nó 19% a tháinig ar an bhfigiúr sin.

**Fíor 1.5 Gluaiseachtaí in airgead tirim agus iarmhéideanna sócmhainní airgeadais an Státchiste, 2013 go 2017**

| Gluaiseacht sa bhliain | 2013 €m | 2014 €m | 2015 €m | 2016 €m | 2017 €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | **23,850** | **23,601** | **14,759** | **13,554** | **11,119** |
| Glaniasachtaí/(aisíocaíocht) an Státchiste sa bhliain | 11,254[a] | (653) | (1,141) | (1,417) | 193 |
| Barrachas/(easnamh) an Státchiste | (11,503) | (8,189) | (64) | (1,018) | 1,906 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **23,601** | **14,759** | **13,554** | **11,119** | **13,217** |
| **Comhdhéanamh an airgid thirim agus na sócmhainní airgeadais amhail an 31 Nollaig** | **2013 €m** | **2014 €m** | **2015 €m** | **2016 €m** | **2017 €m** |
| Cuntas státchiste an Bhanc Ceannais | 4,432 | 4,089 | 7,964 | 8,385 | 10,533 |
| Taiscí bainc tráchtála[b] | 11,068 | 5,540 | 1,779 | 199 | — |
| Billí státchiste neamh-Éireannacha | 3,041 | 1,474 | 1,184 | — | — |
| Nótaí ráthaithe meántéarmacha ón CBSÉ[c] | — | — | — | 85 | 85 |
| Iasachtaí leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 3,704 | 3,145 | 2,424 | 2,032 | 1,742 |
| Cistiúchán comhthaobhach | 1,356 | 511 | 203 | 418 | 857 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **23,601** | **14,759** | **13,554** | **11,119** | **13,217** |

Foinse: Cuntais Airgeadais, Ráitis Airgeadais Fháltais agus Eisiúintí an Phríomhchiste agus Dliteanas faoi Ráthaíocht, 2013 go 2017. Is de bharr slánú aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin.

Nótaí:
a Níl san áireamh ann bannaí ráta chomhlúthaigh beagnach os cionn €25 bhilliún a eisíodh in ionad nótaí gealltanais na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc.


b Tá san áireamh anseo taiscí comhthaobhaithe agus comhaontuithe athcheannaigh trí pháirtí.

c Cuireadh Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) ar bun de bhun Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann, 2014. Tá sé mar aidhm aici maoiniú solúbtha a chur ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide in Éirinn ach éascaíocht a dhéanamh ar mhaoiniú ar chostas níos ísle agus ar tháirgí níos solúbtha. Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe CBSÉ.

### *Iasachtaí agus airleacain ón Státchiste*

**1.13** Gan iasacht €1.7 milliún leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus iasacht €85 milliún le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann a áireamh, bhí luach €1.9 billiún d'iasachtaí agus d'airleacain fós amuigh ag deireadh 2017 — sin laghdú €58 milliún i gcomparáid leis an mbliain 2016. Léirítear i Fíor 1.6 na hiarmhéideanna gan íoc i gcás na mórchatagóirí iasachtaí agus airleacan ag deireadh na bliana gach bliain ó bhí 2013 ann.

**Fíor 1.6 Iarmhéideanna deireadh bliana i leith iasachtaí agus airleacan ón bPríomhchiste, 2013 go 2017**




Foinse: Cuntais Airgeadais, Ráitis Airgeadais Fháltais agus Eisiúintí an Phríomhchiste agus Dliteanas faoi Ráthaíocht, 2013 go 2017. Féach Aguisín A.

**1.14** De bhreis ar na hiasachtaí agus ar na hairleacain sin, tá an Príomhchiste i dteideal go n-aisíocfaí na ranníocaíochtaí a rinneadh leis an gCiste Réitigh Institiúidí Creidmheasa in 2011 agus le Ciste na gComhar Creidmheasa in 2012. Cuireadh €250 milliún ar fáil do gach ciste.

### *Ciste Eascró Apple*

**1.15** Tar éis fiosrúchán ar cuireadh tús leis in 2014, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) i mí Lúnasa 2016 a chinneadh deireanach ar dhá thuairim chánach a rinne na Coimisinéirí Ioncaim maidir le brabús a chur i leith craobhacha de dhá chuideachta de chuid Apple. Is é cinneadh an Choimisiúin gurbh ionann na tuairimí sin agus cúnamh Stáit don tréimhse ó 2003 go 2014 agus go gcaithfidh Éire nach mór €13 bhilliún a aisghabháil ó Apple, móide ús.[1]

**1.16** Níl an Stát ag glacadh le cinneadh an Choimisiúin. I mí na Samhna 2016, cuireadh iarratas ar neamhniú isteach chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh. Tá a iarratas féin ar neamhniú curtha isteach ag Apple. Agus é ag feitheamh ar thoradh ar an achomharc, éilíodh ar an Stát suim na Státchabhrach líomhnaithe (ús san áireamh) a bhailiú ón dá chuideachta de chuid Apple. Cuireadh an tsuim a bailíodh ó Apple i gcuntas eascró, áit a bhfanfaidh sí go dtí go dtabharfar na imeachtaí dlí chun deiridh.

1 Éilítear le Rialacháin an AE go mbeidh san áireamh i gcúnamh Stáit a aisghabhfar ús ar ráta a shocróidh an Coimisiún Eorpach.

**1.17** I mí Aibreáin 2018 chuir an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a lámh le 'creatghníomhas eascró' le Apple thar ceann an Rialtais. Rialaítear leis an gcomhaontú sin bailiú agus bainistiú na gcistí, i measc nithe eile. Mheas na Coimisinéirí Ioncaim gurbh é €13.1 billiún an tsuim a bhí le bailiú. De bhreis air sin, bheadh ús iníoctha de réir mar a aisghabhadh an tsuim. Bhí an Stát tar éis suim iomlán na Státchabhrach líomhnaithe (€13.1 billiún), móide ús (€1.2 billiún), a bhailiú faoi mhí Mheán Fómhair 2018.


**1.18** Tá feidhmeanna áirithe i ndáil le hinfheistiú an chiste eascró tarmligthe ag an Aire Airgeadais do GBCN, de bhun Alt 28 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000. Beidh ráitis bhliantúla airgeadais an chiste eascró faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus cuirfear faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad tar éis a n-iniúchta.

## Dliteanais an Státchiste

### *An Fiachas Náisiúnta*

**1.19** Ba é €198.7 billiún an t-ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2017, rud a léiríonn méadú imeallach i gcomparáid le 2016 (Fíor 1.7).

**Fíor 1.7 An tOllfhiachas Náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, deireadh 2011 go deireadh 2017**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Nóta: a Taiscí an Chiste um Banc Taisce an Phoist.

**1.20** Fiachas meántéarmach agus fadtéarmach a bhí in 88% (€174 billiún) den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2017. Cuimsíodh ann go príomha iasachtaí i bhfoirm bannaí rialtais (€128 billiún), agus iasachtaí a fuarthas faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta d'Éirinn (€45 billiún).


**1.21** An fiachas ag eascairt as scéimeanna coigiltis Stáit, bhí sé cothrom le €17.3 billiún amhail ag deireadh 2017. Ina theannta sin, bhí iasachtaí gearrthéarmacha ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist (POSBF) €1.9 billiún san iomlán.

**1.22** Fiachas gearrthéarmach a bhí i €5.2 billiún den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2017 i gcomparáid le €4.2 billiún ag deireadh 2016.[1] San áireamh sna hiasachtaí ag deireadh 2017 bhí fiachas páipéir gearrthéarmach €4.8 billiún agus cistí barrachais €387 milliún a aistríodh ó Chuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta ag deireadh na bliana.

### *Costais fónaimh d'fhiachas*

**1.23** Bhí costas an fhónaimh d'fhiachas beagáinín ní ba mhó ná €6.2 billiún don bhliain 2017, sin laghdú 9% ar 2016 (Fíor 1.8). Tá san áireamh san fhigiúr sin ús €46 milliún a íocadh ar airgead tirim agus ar shócmhainní airgeadais eile, agus €135 milliún de tháillí agus de chostais oibriúcháin.

**Fíor 1.8 Costais an fhónaimh d'fhiachas, 2011 go 2017 (bonn airgid)[a]**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a I gcás na mbliana ó 2011 go 2014, tá san áireamh sna costais fónaimh d'fhiachas íocaíochtaí ciste fiachmhúchta, a tháinig chun deiridh in 2015 de réir an Achta Airgeadais, 2014.

1 Fiachas ag a bhfuil aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin tráth a eisiúna.

**1.24** Lean meánchostas na hiasachtaíochta Stáit ag laghdú in 2017. Ag deireadh na bliana, measadh gurbh é 3% (deireadh 2016: 3.2%) an meánchostas fónaimh ualaithe foriomlán don ollfhiachas náisiúnta (féach Fíor 1.9).

**Fíor 1.9 Meánchostas ualaithe (WAC) an ollfhiachais náisiúnta, 2011 go 2017**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

*Fiachas Rialtais a Thuairisciú*

**1.25** Tá an fiachas ginearálta rialtais ina shlat tomhais níos cuimsithí ar an bhfiachas náisiúnta ná an fiachas náisiúnta. Slat tomhais caighdeánaithe idirnáisiúnta atá ann agus tá sé de cheangal dlí ar thíortha uile an AE é a thuairisciú faoi Chonradh Maastricht. In 2017 d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais an chéad eagrán den *Annual Report on Public Debt in Ireland,* rud atá beartaithe aici a nuashonrú go bliantúil. Sa tuarascáil dírítear ar an bhfiachas ginearálta rialtais, mínítear forbairtí in Éirinn ó thaobh fiachas poiblí de, cuirtear táscairí inbhuanaitheachta fiachais i láthair, agus déantar monatóireacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtreo spriocanna fiachais.

**1.26** De réir rialacha fioscacha an Aontais Eorpaigh, caithfear an cóimheas idir an fiachas agus an OTI a laghdú go dtí go mbainfear an tairseach 60% amach. Tá curtha in iúl ag an Roinn Airgeadais go bhféadfadh sé nach mbeadh an tairseach sin chomh hoptamach sin i gcomhthéacs na hÉireann, áfach, ag féachaint do dhíchumadh OTI na hÉireann. Dá bhrí sin, tá an Rialtas tar éis glacadh le sprioc fiachais is 55% den OTI chun críocha beartas fioscach gearrthéarmach, agus sprioc is 45% den OTI atá le baint amach faoi lár na 2020í.

## Iarscríbhinn 1A Iasachtaí agus airleacain, 2013 go 2017

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 730 | 715 | 677 | 599 | 770 |
| Aisíocaíochtaí | (730) | (715) | (677) | (599) | (770) |
| Iasachtaí a eisíodh | 715 | 677 | 599 | 770 | 740 |
| **Iarmhéid deiridh** | **715** | **677** | **599** | **770** | **740** |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | — | 15 | — | — | — |
| Aisíocaíochtaí | (285) | (4,015) | (4,365) | (1,370) | — |
| Airleacain | 300 | 4,000 | 4,365 | 1,370 | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **15** | — | — | — | — |
| **An Ciste Cúitimh Árachais** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 735 | 933 | 833 | 812 | 706 |
| Aisíocaíochtaí | — | (100) | (100) | (106) | (70) |
| Iasachtaí a eisíodh | 198 | — | 79 | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **933** | **833** | **812** | **706** | **636** |
| **Tacaíocht cobhsaíochta an AE leis an nGréig** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh[a] | 346 | 346 | 346 | 347 | 347 |
| Aisíocaíochtaí | — | — | — | — | — |
| Iasachtaí a eisíodh | — | — | — | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **346** | **346** | **346** | **347** | **347** |
| **Iasachtaí agus airleacain eile** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 30 | 178 | 273 | 177 | 194 |
| Aisíocaíochtaí/tiontú iasachtaí[b] | (83) | (157) | (260) | (164) | (181) |
| Iasachtaí a eisíodh | 231 | 252 | 164 | 180 | 223 |
| **Iarmhéid deiridh** | **178** | **273** | **177** | **194** | **236** |

Foinse: Cuntais Airgeadais, Ráitis Airgeadais Fháltais agus Eisiúintí an Phríomhchiste agus Dliteanas faoi Ráthaíocht, 2013 go 2017. Is de bharr slánú aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin.

Nótaí:

a Ba é €346 milliún an méid a eisíodh in 2010. Rinneadh iarmhéid na n-iasachtaí a athshonrú in 2016 leis an méid iomlán a bhí amuigh a léiriú.

b Comhshódh iasacht €96 milliún d'Uisce Éireann ina ranníocaíocht chaipitil in 2016. Idirbheart 'neamhairgid' a bhí sa tiontú sin ach tá méid na n-iasachtaí amuigh laghdaithe €96 milliún amhail ag deireadh 2016 dá bharr.